Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

C/2025/2816

2.6.2025

GA Sraith C

Achoimre ar Chinntí ón gCoimisiún Eorpach maidir le húdaruithe chun substaintí a liostaítear in Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH) a chur ar an margadh le haghaidh a n-úsáide agus/nó iad a úsáid

(Arna foilsiú de bhun Airteagal 64(9) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 [1])

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/2816)

Cinneadh lena ndeonaítear údarú agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2022) 1504

Uimhir thagartha an Chinnidh [1]	Dáta an chinnidh	Ainm na substainte	Sealbhóir an údaraithe	Uimhir an údaraithe	Úsáid údaraithe	Dáta éaga na tréimhse athbhreithniúch-áin	Na cúiseanna atá leis an gcinneadh
C(2025) 3123	22 Bealtaine 2025	4-Naoinilfeanól, brainseach agus líneach, eatocsailithe (4-NPnEO) Uimh. CE: -, Uimh. CAS:-	Chemetall GmbH, Trakehner Str. 3, 60487 Frankfurt, An Ghearmáin	REACH/25/27/0/R1 REACH/25/27/1/R1	Dromchlaghníomhaí ina bhfuil 4-NPnEO a úsáid chun comhpháirt an chruaiteora de na séaltáin pholasuilfíde dhá pháirt a fhoirmliú lena n-úsáid san earnáil aeraspáis Meascadh comhpháirteanna séaltáin de pholasuilfíd buin le cruaiteoir ina bhfuil 4-NPnEO, meascadh as a n-eascraíonn meascáin ina bhfuil níos lú ná 0,1 % w/w de 4-NPnEO le haghaidh úsáidí aeraspáis atá díolmhaithe ó údarú faoi Airteagal 56(6), pointe (a), de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, in earnáil an aeraspáis agus i slabhraí soláthair gaolmhara	An 4 Eanáir 2031	I gcomhréir le hAirteagal 60(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, na sochair shocheacnamaíocha a bhaineann le húsáid na substainte, is mó iad ná an baol do shláinte an duine agus don chomhshaol a bhaineann leis an úsáid chéanna, agus níl aon substaint ná teicneolaíocht mhalartach ann a bheadh oiriúnach.

([1]) Tá an cinneadh le fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh ag: Údarú (europa.eu)

([1]) IO L 396, 30.12.2006, lch. 1.

ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/2816/oj